*Comhairle Contae Fhine Gall*
**FINGAL COUNTY COUNCIL**
An Roinn Seirbhísí Uisce

Stórthóir
Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin

## Cáilíochtaí, Dualgais & Sainchuntas Poist, Sonraí Fostaíochta

### 1. CARACHTAR

Beidh dea-cháil ar iarrthóirí.

### 2. SLÁINTE

Ní mór do gach iarrthóir a bheith i riocht sláinte a léireodh an cumas seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt. Ina theannta sin, ní mór do gach iarrthóir leibhéal folláine fhisiceach agus mhíochaine a bheith acu agus a chothabháil chun oiliúint rialta a dhéanamh i *Spásanna Teoranta (Baol Ard) móide Tarrtháil.* Éileofar ar iarrthóirí rathúla tabhairt faoi scrúdú leighis ó liachleachtóir cáilithe arna ainmniú ag Comhairle Contae Fhine Gall sula ndéanfar aon tairiscint fostaíochta.

### 3. OIDEACHAS, TAITHÍ, 7RL.

<u>Caithfidh gach Iarrthóir, ag am an iarratais:</u>

(a) Caighdeán oideachais a bheith bainte amach acu a chumasóidh dó/di dualgais an phoist a chomhlíonadh go sásúil.
(b) Ceadúnas tiomána chatagóir B iomlán a shealbhú saor ó fhormhuinithe agus pointí pionóis.
(c) Scileanna maithe scríbhneoireachta a bheith acu agus a bheith ábalta tuarascálacha agus ríomhphoist chuimsitheacha (ach mar sin féin achomair) a scríobh a chuireann síos ar threalamh agus sonraíochtaí teicniúla agus a dhéanann cumarsáid le soláthróirí agus déantúsóirí trádála.
(d) Tuiscint bhunúsach a bheith acu ar an matamaitic agus a bheith ábalta ríomhaireachtaí bunúsacha a dhéanamh.
(e) Tuiscint bhunúsach a bheith acu ar mheáchain, ar mhéideanna agus ar bhearta agus a bheith in ann ríomhaireachtaí agus tiontaithe a dhéanamh le háireamhán leictreonach a úsáid.
(f) Scileanna maithe TF a bheith acu agus taifead cruthaithe a bheith acu maidir le córais Word, Excel, ríomhphoist agus idirlín agus TF a úsáid go ginearálta.
(g) A bheith eagraithe go mór maidir le comhaid agus taifid a choinneáil, stoic, páirteanna spártha 7rl.
(h) Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide a bheith acu.
(i) Tuiscint a bheith acu ar na rialacha lena rialaítear ceannach agus soláthar.
(j) Lérithuiscint shásúil a bheith acu ar Shláinte & Sábháilteacht agus go háirithe maidir le bheith ag obair le nó in aice le trealamh leictreach agus meicniúil agus ag obair le ceimiceáin.

<u>I measc na gcáilíochtaí atá inmhianaithe, ach nach bhfuil riachtanach tá:</u>

(k) Cárta Pas Sábháilteachta reatha a bheith acu.
(l) Ticéad a bheith acu le haghaidh forc-ardaitheoir a thiomáint agus taithí a bheith acu air.

**4. DUALGAIS**

Comhcheanglaíonn dualgais agus freagrachtaí an phoist na dualgais atá ag Stórthóir i dteannta le hOibrí Ginearálta agus áirítear orthu seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:-

(a) Tuairisciú go díreach chuig an Maoirseoir Gléasra nó chuig aon bhall eile den bhfoireann bhainistíochta de réir mar a threoraíonn an Bainisteoir Gléasra.
(b) Coinnigh na siopaí ar an láthair ar bhealach slachtmhar eagraithe.
(c) Deimhnigh go bhfuil soláthar réidh de pháirteanna spártha riachtanacha a úsáidtear go rialta ar fáil ar an láthair i gcónaí.
(d) Córas leictreonach rialaithe agus fardal stoic na Comhairle a fheidhmiú agus é a choinneáil cothrom le dáta.
(e) Orduithe a chur le soláthraithe chun earraí, ábhair, ceimiceáin, gléasra & uirlisí a cheannach nó a fhriliú de réir rialacha ceannaigh agus soláthair.
(f) Córas Cheannaigh Chomhairle Contae Fhine Gall nó Uisce Éireann a úsáid de réir treoracha a d’fhéadfaí tabhairt ó am go ham (m.sh. Agresso, Oracle, Maximo)
(g) Glac freagracht phearsanta as an gCárta LVP a oibriú ar bhealach cuí agus de réir rialacha ceannaigh CCFG.
(h) Glac le seachadadh agus déan taifeadadh d’admháil na n-earraí ar fad ag teacht isteach agus stóráil sa suíomh ceart iad.
(i) Bailigh earraí ó áitreabh na soláthraithe nuair is gá.
(j) Gach comhad seachadta agus admhálacha ceannaigh a chomhdú ar bhealach eagraithe.
(k) Glac páirt in iniúchtaí airgeadais rialta agus tuarascálacha mionsonraithe a ullmhú a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ó bhainistíocht gléasra, Uisce Éireann, nó ó aon iniúchóir rialtais áitiúil.
(l) Déan teagmháil rialta le hOifigeach Cléireachais an ghléasra.
(m) Úsáid forc-ardaitheora agus innealra lódála eile.
(n) Eisiúint stoic don bhfoireann a thaifeadadh.
(o) Córas sínithe amach/sínithe isteach a fheidhmiú agus gléasra, uirlisí, innealra nó feithiclí á n-éisiúint ag an bhfoireann. Scrúdaigh na rudaí céanna agus iad á thabhairt ar ais. Déan aon mhainneachtain nó mí-úsáid a thuairisciú don Mhaoirseoir Gléasra.
(p) An flít áitiúil d’fheithiclí comhroinnte a bhainistiú. Mar shampla, síniú isteach/síniú amach, cigireacht rialta, athlíonadh le breosla, ola, uisce, aer 7rl. Coinnigh na feithiclí glan agus slachtmhar. Seol feithiclí le haghaidh seirbhísiú ag eatraimh sceidealta. Bainistigh Cárta(í) Breosla.
(q) Tabhair faoi aon dualgais eile a ordóidh an Bainisteoir Gléasra chun earrraí, gléasra & innealra, uirlisí, feithiclí 7rl a rialú agus a bhainistiú i gceart ag teacht le feidhmeanna an stórthóra.
(r) Freastal ar sholáthar mórchóir ceimiceán.
(s) Páirt a ghlacadh in athrú drumaí clóirín/láimhseáil gáis clóirín ag an ngléasra.
(t) Páirt a ghlacadh mar bhall foirne i ngníomhaíochtaí oibre a dteastaíonn oiliúint Spáis Dhúnta (Ardriosca) agus Tarrthála uathu.
(u) Cúnamh a thabhairt do phearsanra cothabhála i ngníomhaíochtaí cothabhála, m.sh. ag oibriú forclainne, ag seachadadh trealaimh agus páirteanna chuig suíomh riachtanach an láithreáin, ag ardú, ag cuidiú le doirteadh 7rl.
(v) Ábhair agus earrraí nach bhfuil ag teastáil a bhaint ón láithreán.
(w) A bheith rannpháirteach go hiomlán san uainchlár foirmiúil lasmuigh de ghnáthuaireanta a fheidhmíonn Comhairle Contae Fhine Gall.

(x) Aon dualgais de chuid Oibrí Ginearálta a fhéadfaidh an Maoirseoir Gléasra nó comhalta den bhfoireann bhainistíochta gléasra a threorú ó am go ham a chomhlíonadh.

(y) Freastal ar aon oiliúint dá leithéid a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ó am go ham ó Chomhairle Contae Fhine Gall nó ó Uisce Éireann.

(z) Dul i ngleic le agus úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí leictreonacha, cíbe má tá siad ann cheana féin nó má tá siad nua, i bhfeidhmiú dualgas ag an Ionad Cóireála.

## SONRAÍ NA FOSTAÍOCHTA

**1.** Is fostaíocht lánaimseartha, buan agus inphinsin í. Maidir le daoine a bhfuil ina bhfostaithe inphinsin de chuid údaráis áitiúil atá faoi dhliteanas an ráta Aicme A den ranníocaíocht ÁSPC a íoc, ceanglófar orthu aoisliúntas a íoc leis an údarás áitiúil ag an ráta de 1.5% dá luach saothair inphinsin móide 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin (i.e. luach saothair inphinsin lúide dhá oiread ráta bliantúil an árachais shóisialaigh pinsin seanaoise ranníocaigh is iníoctha ag an uasráta le duine nach bhfuil aon chleithiúnaí aosaithe ná leanaí cáilithe aige/aici).

Maidir le daoine a bhfuil ina bhfostaithe inphinsin de chuid údaráis áitiúil atá faoi dhliteanas an ráta Aicme D den ranníocaíocht ÁSPC a íoc, ceanglófar orthu aoisliúntas a íoc leis an údarás áitiúil ag an ráta de 5% dá luach saothair inphinsin.

Maidir leis an Scéim Rialtais Áitiúil (Scéim Pinsin Ranníocach do Chéilí agus Leanaí), éileofar ar gach duine a bhfuil ina fhostaí inphinsin d'údarás áitiúil, ranníocaíocht a thabhairt don údarás áitiúil ag ráta 1.5% dá luach saothair inphinsin de réir théarmaí na Scéime.

**2.** **PROMHADH**

I gcás go bhfostaítear daoine nach bhfuil ina bhfostaithe cheana féin d'Údarás Áitiúil, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) beidh tréimhse ann tar éis thús na fostaíochta sin, ina mbeidh na daoine sin fostaithe ar promhadh.

(b) mairfidh tréimhse dá leithéid ar feadh bliain amháin ach féadfaidh an Príomhfheidhmeannach, an tréimhse sin fhadú, dá rogha féin,

(c) scoirfidh na daoine sin d'fhostaíocht a shealbhú ag deireadh tréimhse an phromhaidh mura bhfuil sé deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach gur sásúil í seirbhís na ndaoine sin.

**3. PÁ & LIÚNTAIS.**

Is é 39 uair an chloig an tseachtain oibre faoi láthair.

PÁ:
Seo a leanas an scála pá do Stórthóir/Oibrí Ginearálta ag Ionad Cóireála Uisce Óil Léim an Bhradáin:-

| Pointe ar scála | Bunphá Sheachtainiúil |
|---|---|
| 1 | €597.00 |
| 2 | €604.60 |
| 3 | €608.78 |
| 4 | €613.35 |
| 5 | €617.96 |
| 6 | €623.19 |
| 7 | €629.24 |

LIÚNTAIS ÍOCTHA:

| | |
|---|---|
| Liúntas Pá: | €28.25 in aghaidh na seachtaine |
| Liúntas Béilí: | €9.55 in aghaidh na seachtaine |
| Liúntas Taistil: | 2.5 uair in aghagidh na seachtaine @ am dúbailte |
| Liúntas Ar-Líne: | €80.73 in aghaidh na seachtaine uainchláir |

**4. SCOR**

Is ionann an Aois Scoir agus 70 bliain d'aois:

**5. EARCAÍOCHT**

Féadfaidh údarás áitiúil a chinneadh, mar gheall ar líon na n-iarrthóirí atá ag lorg cead isteach i gcomórtas, nós imeachta gearrliostaithe a chur ar bun. Is é an t-údarás áitiúil a chinnfidh líon na ndaoine a dtabharfar cuireadh dóibh dul faoi agallamh sna himthosca seo ó am go ham, ag féachaint do líon na bhfolúntas dóchúil atá le líonadh.

Is trí agallamh a dhéanfar an roghnú, agus is é an t-údarás áitiúil nó ionadaí thar a cheann a sheolfaidh an t-agallamh. Beidh ar iarrthóirí aon speansais, a thabhaíonn siad mar gheall ar fhreastal ar an agallamh, a íoc.

Féadfar painéil a bhunú ar bhonn na n-agallamh sin. Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil a n-ainmneacha ar phainéal agus a shásaíonn an t-údarás áitiúil go bhfuil an cháilíocht dearbhaithe acu don phost agus go bhfuil siad oiriúnach mar fhostaíocht ar shlí eile, a fhostú de réir saolré an phainéil de réir mar a thagann folúntais chuí chun cinn.

***Éileoidh an t-údarás áitiúil ar dhuine dá dtairgtear fostaíocht an fhostaíocht sin a ghlacadh laistigh de thréimhse nach faide ná 6 seachtaine agus má theipeann air nó uirthi dul i mbun na fostaíochta laistigh den tréimhse sin nó cibé tréimhse níos faide a chinnfidh an t-údarás áitiúil dá lánrogha, ní fhostóidh an t-údarás áitiúil an duine sin.***